Gealltanais Feidhmíochta 2024 RTÉ

An bhunchloch a leagan chun straitéis Treo Nua RTÉ 2025-2029 a chur i gcrích

Réamhrá

Ullmhaíonn RTÉ Ráiteas Bliantúil ar Ghealltanais Feidhmíochta ('gealltanais') gach bliain i gcomhréir lena chuspóirí, a straitéis (féach thíos).[1] Tugann RTÉ tuairisc ina Thuarascáil Bhliantúil gach bliain freisin maidir le comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh a ghealltanas. Faoi réir Alt 102(3) an Achta Craolacháin 2009, cuireadh gealltanais RTÉ don bhliain 2024 faoi bhráid Choimisiún na Meán i mí Bealtaine 2024, agus is féidir iad a fháil san fhoilseachán seo ar RTÉ.ie.

Cur chuige nua do 2024

Lean gealltanais RTÉ cur chuige nua do 2024 agus rinneadh athstruchtúrú orthu chun go mbeidís ailínithe leis na cúig sprioc atá i Ráiteas Straitéise RTÉ 2025-2029.[2] Leis an gcur chuige sin, cuireadh gníomhaíochtaí 2024 i láthair mar réamhtheachtaí chun straitéis nua RTÉ a chur i gcrích agus bhí siad ina mbunchloch aici. Is é an príomhspreagadh atá taobh thiar d'athstruchtúrú ár nGealltanas do 2024 ná fócas inmheánach a ailíniú lenár dtreo straitéiseach nua agus ag an am céanna, dhéanfadh seo soláthar chun ailíniú a dhéanamh ar fheidmíocht RTÉ a mbeidh athbhreithniú le déanamh uirthi go gairid agus amach anseo. Dá bhrí sin, ba cheart gealltanais 2024 a léamh i gcomhar lenár straitéis, ina leagtar amach comhthéacs agus mionsonraí gach aon cheann dár gcúig sprioc i.e. na cuspóirí, an réasúnaíocht, na tionscnaimh, na garspriocanna agus na méadrachtaí.

Ag tagairt siar do 2023

Tar éis bliain thar a bheith deacair, a d'eascair as tréimhse fhada clú na heagraíochta faoi chaibidil, thapaíomar an deis freisin an tacar méadrachtaí gealltanas a bhí againn roimhe seo a chuíchóiriú agus leibhéal na huaillmhéine do shláinte bhranda RTÉ a athshocrú chun leibhéil 2023 a neartú arís agus a fhás. Bhí sé sin bunaithe ar mheasúnú pragmatach ar sheasamh na heagraíochta tráth a leagadh síos na gealltanais. Is díol suntais é, d'ainneoin na dtionchar diúltach ar dhearcadh an phobail ar chlú corparáideach na heagraíochta, nár tháinig aon laghdú ar líon na ndaoine a thapaigh seirbhísí agus ábhar RTÉ in 2023. Chuir iriseoireacht RTÉ mionchlúdach agus mionanailís ar fáil ar na saincheisteanna ábhartha, le caighdeáin chuí neamhchlaontachta agus oibiachtúlachta ar thug an pobal agus páirtithe leasmhara aitheantas dóibh go forleathan.

[1] Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ
[2] Straitéis RTÉ 2025-2029

Tá Gealltanais 2024 leagtha amach faoi chúig sprioc:

Sprioc 1: An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu
Sprioc 2: Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil
Sprioc 3: Léiriúchán a éagsúlú agus tacú le forbairt earnálach ar fud na hÉireann
Sprioc 4: Feidhmíocht láidir bainistíochta airgeadais a chinntiú
Sprioc 5: Eagraíocht inbhuanaithe, iontaofa agus fhreagrach a fhorbairt

Sprioc 1: An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu

Cuirfear an sprioc seo chun cinn trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Straitéis nua maidir le hábhar físe lena dtugtar aghaidh ar roghanna sruthaithe an lucht féachana agus éisteachta
- Straitéis nua ábhair fuaime ina gcuirtear scéalta agus guthanna nua os comhair an phobail
- Nuacht agus cúrsaí reatha neamhspleácha feabhsaithe don lucht éisteachta agus féachana a bhíonn ag faire ar ábhar digiteach
- Sceideal níos leithne de thaibhithe cultúir agus d'imeachtaí poiblí beo

Gealltanas		Spriocbheart	Sprioc 2024
1	**An lucht féachana agus éisteachta a mhealladh le hábhar ar ardchaighdeán a théann i gcion orthu**	a) Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ ábhartha do dhaoine in Éirinn sa lá atá inniu ann a fhás (Aontaíonn %)	63%
		b) Sciar teilifíse RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad)	27%
		c) Sciar raidió RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad)	30%
		d) Dearcadh an phobail go *gcuireann RTÉ ábhar N&CR atá iontaofa ar fáil* a fhás (aontaíonn %)	70%
		e) An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ *seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge* a fhás	60%

		f) 'Soláthar 365' TG4 a shásamh i gcomhréir le ceanglais Alt 120 den Acht	An comhaontú prótacail leathnaithe amach 5 bliana a chur i gcrích

Sprioc 2: Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil

Cuirfear an sprioc seo chun cinn trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Táirgí digiteacha ar ardchaighdeán lena gcuirtear eispéireas feabhsaithe pearsantaithe ar fáil
- An RTÉ Player a fhorbairt mar cheann scríbe iomaíoch chun ábhar físe a shruthú
- Bealaí nua chun éisteacht agus chun eolas a chur ar fáil le hAipeanna Fuaime agus Nuachta RTÉ a sheoladh.
- Teacht a bheith ag an lucht féachana agus éisteachta ar Chartlanna méadaithe agus digitithe RTÉ

Gealltanas		Spriocbheart	Sprioc 2024
2	**Táirgí agus seirbhísí sruthaithe den scoth a chur ar fáil**	a) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil ábhar agus seirbhísí ar ardchaighdeán ag RTÉ a fhás (aontaíonn %)	58%
		b) An meánsciar seachtainiúil den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig seirbhísí uile RTÉ a choinneáil ag 90% nó os a chionn i measc daoine (18+)	≥90%
		c) Líon na gcuairteanna chuig punann táirgí digiteacha RTÉ a fhás, san fhadtéarma	705m
		d) Monatóireacht a dhéanamh ar an Am a Caitheadh ar RTÉ agus tuairisciú ina leith (daoine fásta 15+ & 15-34)	Tuairisciú
		e) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláir agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna a fhás	68%

Sprioc 3: Léiriú agus fostaíocht a éagsúlú ar fud na hÉireann

Cuirfear an sprioc seo chun cinn trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Coimisiúnú méadaithe chun cur le héagsúlacht ábhair agus tionscnaimh
- Infheistíocht i saoráid léiriúcháin nua i gCorcaigh
- Athchothromú fostaíochta ó Bhaile Átha Cliath go dtí líonra d'ionaid RTÉ

Gealltanas		Spriocbhearta	Sprioc 2024
3	**Léiriú agus fostaíocht a éagsúlú ar fud na hÉireann**	a) Cur leis an infheistíocht in Earnáil na Léiriúchán Neamhspleách faoi réir méadú a bheith ar mhaoiniú poiblí agus ceanglais caiteachais reachtúla a shásamh (alt 116 den Acht)	€ 47.3m
		b) An dearcadh níos airde i measc an lucht féachana go gcuireann RTÉ d*rámaíocht Éireannach ar ardchaighdeán ar fáil* a choinneáil	65%
		c) Tuarascáil maidir le mná agus glórtha mná ar an aer	Tuairisciú

Sprioc 4: Bainistiú agus feidhmíocht láidir airgeadais a chinntiú

Cuirfear an sprioc seo chun cinn trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Tuairisciú agus feidhmíocht thrédhearcach laistigh de shamhail airgeadais inbhuanaithe
- Costais oibriúcháin a rialú agus a laghdú agus dlús a chur le héifeachtúlachtaí
- Rath tráchtála le béim ar ioncam tráchtála digiteach atá ag dul i méid
- An plean caipitil a fhorbairt le haghaidh saoráidí agus bonneagar Dhomhnach Broc

Gealltanas		Spriocbhearta	Sprioc 2024
4	**Bainistiú agus feidhmíocht láidir airgeadais a chinntiú**	a) An buiséad bliantúil a chomhlíonadh	An toradh aontaithe a bhaint amach
		b) Punann seirbhísí RTÉ a chur i gcrích taobh istigh de na costais oibriúcháin buiséadaithe.	Na costais oibriúcháin a bhaint amach agus seirbhísí sonraithe a chur i gcrích
		c) Gníomhaíochtaí tráchtála RTÉ a oibriú go héifeachtach chun an glantoradh is fearr a bhaint as gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ	Sprioc ioncam tráchtála an Ghrúpa a bhaint amach
		d) Caiteachas iomlán ar ábhar agus ar dháileachán mar % de na Costais Oibriúcháin	80%

		e) PROCanna* ina % de Chostais Oibriúcháin Iomlána *Costais Oibriúcháin a bhaineann le Pearsanra	An sprioc maidir le PROC a bhaint amach

Sprioc 5: Eagraíocht inbhuanaithe, iontaofa agus fhreagrach a fhorbairt

Cuirfear an sprioc seo chun cinn trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Fórsa saothair athoilte, níos lú agus níos sofhreagrúla.
- Timpeallacht dhearfach oibre a chothú
- Dea-chleachtas maidir leis an éagsúlacht agus leis an ionchuimsiú a leabú
- Feidhmiú de réir an chreata rialachais is fearr dá bhfuil ann

Gealltanas		Spriocbhearta	Sprioc 2024
5	**Eagraíocht inbhuanaithe, iontaofa agus fhreagrach a fhorbairt**	a) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ *luachmhar do shochaí na hÉireann* a fhás (aontaíonn %)	77%
		b) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ *iontaofa* a fhás (aontaíonn %)	52%